Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14164/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0239(NLE)**

**ACP 100**
**FIN 862**
**PTOM 14**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2024 |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2024**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis[1], agus go háirithe Airteagal 7(2), i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[2], agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.
[2] IO L 307, 3.12.2018, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 10 Deireadh Fómhair 2024, lena leagtar amach méid an tríú tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2024.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, le glaonna ar ranníocaíochtaí tá na méideanna a leagtar súis le haghaidh Cistí Eorpacha Forbraíochta (CEF) a bhí ann roimh an gCiste is deireanaí le hídiú ar dtús. Ba cheart, dá bhrí sin, glao ar chistí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 a dhéanamh le haghaidh BEI agus le haghaidh an Choimisiúin.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina páirtí in CEF go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní athúsáidfear sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF, i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020, nó faoi CEFanna roimhe sin.

(5) Le Cinneadh (AE) 2023/2586 ón gComhairle[3], socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2024 ag EUR 1 200 000 000 le haghaidh an Choimisiúin, agus ag EUR 300 000 000 le haghaidh BEI.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[3] Cinneadh (AE) 2023/2586 ón gComhairle an 13 Samhain 2023 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2025, an méid bliantúil le haghaidh 2024, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2024 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 (IO L, 2023/2586, 15.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2586/oj).

*Airteagal 1*

Socraítear leis seo ag EUR 350 000 000 méid bliantúil na ranníocaíochta at bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2024. Íocfar é mar a leanas:

(a) le haghaidh an Choimisiúin, EUR 250 000 000; agus

(b) le haghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), EUR 100 000 000.

*Airteagal 2*

Déanfaidh na páirtithe sa CEF ranníocaíochtaí aonair CEF a íoc leis an gCoimisiún agus le BEI mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2024, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh in/sa …, …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

An tríú tráthchuid de ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2024 (EUR)

| BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An tríú tráthchuid 2024 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | An Coimisiún | BEI | |
| | | 11ú CEF | 11ú CEF | |
| AN BHEILG | 3,24927 | 8 123 175 | 3 249 270 | 11 372 445 |
| AN BHULGÁIR | 0,21853 | 546 325 | 218 530 | 764 855 |
| AN tSEICIA | 0,79745 | 1 993 625 | 797 450 | 2 791 075 |
| AN DANMHAIRG | 1,98045 | 4 951 125 | 1 980 450 | 6 931 575 |
| AN GHEARMÁIN | 20,57980 | 51 449 500 | 20 579 800 | 72 029 300 |
| AN EASTÓIN | 0,08635 | 215 875 | 86 350 | 302 225 |
| ÉIRE | 0,94006 | 2 350 150 | 940 060 | 3 290 210 |
| AN GHRÉIG | 1,50735 | 3 768 375 | 1 507 350 | 5 275 725 |
| AN SPÁINN | 7,93248 | 19 831 200 | 7 932 480 | 27 763 680 |
| AN FHRAINC | 17,81269 | 44 531 725 | 17 812 690 | 62 344 415 |
| AN CHRÓIT | 0,22518 | 562 950 | 225 180 | 788 130 |
| AN IODÁIL | 12,53009 | 31 325 225 | 12 530 090 | 43 855 315 |
| AN CHIPIR | 0,11162 | 279 050 | 111 620 | 390 670 |
| AN LAITVIA | 0,11612 | 290 300 | 116 120 | 406 420 |
| AN LIOTUÁIN | 0,18077 | 451 925 | 180 770 | 632 695 |
| LUCSAMBURG | 0,25509 | 637 725 | 255 090 | 892 815 |
| AN UNGÁIR | 0,61456 | 1 536 400 | 614 560 | 2 150 960 |
| MÁLTA | 0,03801 | 95 025 | 38 010 | 133 035 |
| AN ÍSILTÍR | 4,77678 | 11 941 950 | 4 776 780 | 16 718 730 |

| BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An tríú tráthchuid 2024 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | An Coimisiún | BEI | |
| | | 11ú CEF | 11ú CEF | |
| AUSTRIA | 2,39757 | 5 993 925 | 2 397 570 | 8 391 495 |
| POLAND | 2,00734 | 5 018 350 | 2 007 340 | 7 025 690 |
| PORTUGAL | 1,19679 | 2 991 975 | 1 196 790 | 4 188 765 |
| ROMANIA | 0,71815 | 1 795 375 | 718 150 | 2 513 525 |
| SLOVENIA | 0,22452 | 561 300 | 224 520 | 785 820 |
| SLOVAKIA | 0,37616 | 940 400 | 376 160 | 1 316 560 |
| FINLAND | 1,50909 | 3 772 725 | 1 509 090 | 5 281 815 |
| SWEDEN | 2,93911 | 7 347 775 | 2 939 110 | 10 286 885 |
| UNITED KINGDOM* | 14,67862 | 36 696 550 | 14 678 620 | 51 375 170 |
| TOTAL EU-27 & UK | 100,00 | 250 000 000 | 100 000 000 | 350 000 000 |

* De bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, i mí an Mhárta 2023 d'iarr an Ríocht Aontaithe go foirmiúil go ndéanfadh an Coimisiún sciar gan íoc na Ríochta Aontaithe de chúlchistí an 10ú agus an 11ú CEF a aisíoc trí ghlanáireamh a dhéanamh ar ranníocaíocht gan íoc na Ríochta Aontaithe. Cuirfear an socrú glanáirimh sin san áireamh sna treoracha íocaíochta faoi seach.